**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta*

**2020/2043(INI)**

11.12.2020

# TUAIRIM

ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

i dtreo sásra de chuid AE um choigeartú carbóin ar theorainneacha atá comhoiriúnach leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála
(2020/2043(INI))

Rapóirtéir don tuairim (*): Luis Garicano

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chreidiúint gur cheart gurbh é príomhaidhm an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (CBAM) an t-athrú aeráide a chomhrac agus tacú le cuspóirí aeráide an Aontais trí aghaidh a thabhairt ar riosca an sceite carbóin agus dreasachtaí a chur ar fáil don infheistíocht i dteicneolaíocht ghlas fhuinneamhéifeachtúil ar leibhéal AE agus ar an leibhéal domhanda, agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú leis an laghdú domhanda ar astaíochtaí gás ceaptha teasa; á chreidiúint gur cheart gurbh é an aidhm dheiridh oibriú i dtreo beartas aeráide domhanda éifeachtach a bhaint amach;

2. á mheas, chun an cuspóir a glacadh le déanaí mar chuid den Mhargadh Glas don Eoraip, eadhon neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050, an cuspóir a chomhaontaigh an Pharlaimint maidir le laghdú 60% ar a laghad a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030, chomh maith le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, go mbeidh gá le hiarrachtaí suntasacha dícharbónaithe ar leibhéal AE, rud as a dtiocfaidh méadú ar an bpraghas carbóin a íocann táirgeoirí faoi Scéim AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí (EU ETS), agus ar dócha go bhfágfaidh sé go mbeidh an praghas carbóin roinnt mhaith níos airde ná mar atá sé faoi láthair; á mheas, dá bhrí sin, in éagmais praghas domhanda ar astaíochtaí carbóin, go bhféadfadh géarú teacht ar riosca an sceite carbóin; á chur in iúl, sa chomhthéacs sin, gur geall léi go bhfuil gealltanas tugtha ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha atá comhoiriúnach leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála a chur chun feidhme, ar sásra é lena n-áiritheofaí go léireofaí cion carbóin na n-allmhairí lena bpraghas, rud lena gcabhrófaí le machaire comhréidh a bhaint amach idir táirgeoirí intíre agus táirgeoirí eachtracha agus, ar an gcaoi sin, lena n-áiritheofaí nach mbainfear an bonn de chuspóirí aeráide an Aontais trí athlonnú táirgeachta agus trí allmhairithe méadaithe ó thíortha ina bhfuil beartais aeráide nach bhfuil chomh huaillmhianach céanna agus a chuideodh, dá réir sin, le haistriú cóir a áirithiú;

3. ag tabhairt dá haire go bhfuil measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún faoi láthair ar na roghanna éagsúla go léir maidir le sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha a thabhairt isteach, ó ionstraimí cánach go sásraí a bhíonn ag brath ar EU ETS; á thabhairt chun suntais, maidir le dleacht mháil (nó cáin) ar chion carbóin na dtáirgí uile a ídítear, idir tháirgí intíre agus táirgí allmhairithe, nach dtabharfar aghaidh go hiomlán léi ar riosca an sceite carbóin, go mbeadh dúshláin theicniúla ag baint léi i bhfianaise a chasta atá sé carbón a rianú i slabhraí luacha domhanda agus go bhféadfadh sí ualach suntasach a chur ar thomhaltóirí; á mheas, chun aghaidh a thabhairt ar riosca an sceite carbóin, agus rialacha EDT á gcomhlíonadh ag an am céanna, nach mór do CBAM muirear a ghearradh as cion carbóin na n-allmhairí ar bhealach a fhreagraíonn do na costais charbóin a íocann táirgeoirí AE; á chreidiúint, i ndáil leis sin, gur cheart praghas aonair carbóin a áirithiú leis an sásra, do tháirgeoirí intíre agus d'allmhaireoirí araon, chun prionsabal neamh-idirdhealaithe ETD a chomhlíonadh; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gurb é an rogha is fearr a fhreagraíonn don chostas carbóin a íocann táirgeoirí AE, ar rogha é lena n-áirithítear coigeartú uathoibríoch praghais agus

comhlíonadh phrionsabal an neamh-idirdhealaithe, ná sásra atá bunaithe ar EU ETS; á mheas go bhféadfaí é sin a bhaint amach trí chomhthiomsú sonrach lamháltas a chruthú le haghaidh allmhairí, ar comhthiomsú é a bheadh nasctha le praghsanna ETS (ETS barúlach), nó trí allmhaireoirí a ionchorprú sa chomhthiomsú lamháltas atá ag EU ETS cheana; ag tabhairt dá haire go bhféadfadh dúshláin theicniúla bhreise a bheith i gceist leis an dara rogha sin, amhail cobhsaíocht praghsanna a áirithiú (dúshláin a bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu tríd an uasteorainn atá ann cheana a mhéadú go leibhéal iomchuí agus úsáid a bhaint as cúltaca cobhsaíochta an mhargaidh) agus trí chosaintí a thabhairt isteach chun an riosca go bhféadfaí cur isteach ar an margadh a sheachaint; á aithint go bhféadfadh dleacht sheasta nó cáin ar iompórtálacha a bheith ina huirlis shimplí chun comhartha láidir cobhsaí praghsanna comhshaoil a thabhairt maidir le carbón allmhairithe; á chreidiúint, áfach, i bhfianaise chineál seasta na cánach sin, nach mbeadh an oiread céanna solúbthachta ag baint le cáin den sórt sin chun freagairt do phraghas athraitheach EU ETS; á chur i bhfáth, go hiarbhír, go mbeadh cáin atá athraitheach agus a fhreagraíonn go huathoibríoch do phraghas EU ETS comhionann le ETS barúlach; á aithint, dá mba rud é go mbeadh CBAM de chineál fioscach, go bhféadfadh sé go ndéanfaí sásra bunaithe ar Airteagal 192(2) CFAE a thabhairt isteach; á áitiú gur aidhm chomhshaoil í príomhaidhm CBAM agus, dá bhrí sin, gur cheart go mbeadh ról ríthábhachtach ag critéir chomhshaoil i roghnú na hionstraime; á chur i bhfáth, i gcomhréir leis an sprioc sin, nach mór praghas carbóin atá intuartha agus ard go leor a áirithiú leis an sásra a roghnófar, ar praghas é lena ndreasófar infheistíochtaí dícharbónaithe chun aidhmeanna Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh;

4. á mheas gur cheart, más féidir, feidhm a bheith ag CBAM maidir le haon allmhairiú (ó amhábhair go táirgí idirmheánacha nó táirgí deiridh) ina bhfuil bunábhair atá cumhdaithe faoi EU ETS, chun saobhadh idir táirgí sa mhargadh inmheánach agus feadh an tslabhra luacha a sheachaint; ag aithint na ndeacrachtaí teicniúla a bhaineann leis na hábhair bhunúsacha uile a chumhdaítear le EU ETS a chumhdach chomh luath le 2023 agus á thuiscint go bhféadfaí tosaíocht a thabhairt, ag an gcéad chéim, d’earnálacha is mó a meastar go bhfuil riosca an sceithe carbóin ag gabháil leo; ag tabhairt rabhadh don Choimisiún, ina ainneoin sin, go bhféadfaí damáiste a dhéanamh do thionscail AE muna ndéanfar gach earnáil EU ETS a chumhdach agus á iarraidh ar an gCoimisiún an raon feidhme earnála is leithne is féidir a mholadh; á áitiú ar an gCoimisiún, i gcás ina dtabharfadh sé faoi chur chuige céim ar chéim, féilire ceangailteach a áireamh chun cumhdach CBAM a leathnú;

5. á mheas, más féidir, gur cheart do CBAM cion carbóin allmhairí a thomhas chomh cruinn agus is féidir faoina raon feidhme; á mholadh, ina ainneoin sin, go dtabharfaí isteach dearadh indéanta lena ndéanfaí méid carbóin gach allmhaire a thomhas go hoibiachtúil bunaithe ar a chomhdhéanamh ábhar bunúsach (mar a leagtar amach sa togra ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa); á mheabhrú, leis an gcomhfhogasú sin, go ndéanfaí gach ábhar bunúsach a chumhdaítear faoi EU ETS a mheá agus a iolrú faoi luach réamhshocraithe déine carbóin; á chur i bhfáth, áfach, gur cheart an rogha a bheith ag allmhaireoirí a chruthú, i gcomhréir le caighdeáin AE maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú (MRV) ar EU ETS, go bhfuil cion carbóin a dtáirgí níos ísle ná na luachanna sin, agus leas a bhaint as méid iníoctha arna chur in oiriúint dá réir sin, chun nuálaíocht agus infheistíocht i dteicneolaíochtaí inbhuanaithe a spreagadh ar fud an domhain; á mheas nár cheart go gcuirfí ualach díréireach ar FBManna leis sin; á thabhairt chun suntais, mar bhonn taca faoi chur chun feidhme an tsásra, go mbeidh gá

le sraith de chaighdeáin AE lena gcuirfear cosc ar dhul timpeall ar an sásra nó ar mhí-úsáid a bhaint as, agus go mbeidh gá le bonneagar láidir neamhspleách chun é a riar;

6. á mholadh go mbeadh cur chun feidhme CBAM ina chúis le saor-leithdháileadh liúntas a bheith á chéimniú amach de réir a chéile go dtí go ndéanfar iad a dhíothú go hiomlán, tar éis idirthréimhse iomchuí, ós rud é gur cheart don sásra sin a áirithiú go mbeidh ar tháirgeoirí agus ar allmhaireoirí AE na costais charbóin chéanna a íoc i margadh an AE; á thabhairt chun suntas gur gá lamháltais saor in aisce a chéimniú amach le linn idirthréimhse a bheidh comhoiriúnach le hamlíne intuartha; a chreidiúint gur cheart cinnteacht rialála a sholáthar leis an idirthréimhse do thionscail atá dian ar acmhainní agus ar fhuinneamh; á chur i bhfáth nár cheart go mbeadh aon chosaint dhúbailte ann agus gur gá go mbeadh an sásra comhoiriúnach le EDT; á chreidiúint gur cheart do CBAM, chun na críche sin, luach na lamháltas saor in aisce a bhaint as an méid iníoctha a ghearrtar ar allmhaireoirí, ionas gur féidir le CBAM agus na lamháltais saor in aisce a bheith ann ag an am céanna gan cúiteamh dúbailte a bheith mar thoradh air sin agus fad a bheidh siad comhoiriúnach le EDT; ag tabhairt dá haire gur cheart, agus an céimniú amach sin ar siúl, bearta tacaíochta a thabhairt isteach le haghaidh onnmhairí a leanfadh de bheith comhoiriúnach le EDT agus de bheith i gcomhréir le cuspóirí comhshaoil AE; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar lacáistí onnmhairiúcháin páirteacha a thabhairt isteach bunaithe ar an loighic tagarmhairc atá ag na táirgeoirí is éifeachtúla cheana ó thaobh carbóin de, gan níos mó ná leibhéal reatha na lamháltas saor in aisce a aisíoc, chun dreasachtaí láidre dícharbónaithe a choimeád, agus machaire comhréidh a áirithiú d’onnmhairí AE ag an am céanna;

7. á chur i bhfáth gur cheart do CBAM a áirithiú nach ndéantar allmhaireoirí ó thríú tíortha a mhuirearú faoi dhó as cion carbóin a dtáirgí lena áirithiú go gcaitear leo ar bhonn cothrom agus gan idirdhealú; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú cúramach a dhéanamh ar thionchar roghanna éagsúla CBAM ar na tíortha is lú forbairt;

8. á iarraidh go ndéanfar fáltais CBAM a mheas mar ioncam AE;

9. á chreidiúint go dtugann an moladh thuas bonn láidir do chomhoiriúnacht le rialacha ETD, ós rud é nach ndéantar idirdhealú leis idir táirgeoirí agus allmhaireoirí (ná ina measc), go bhfuil sé bunaithe ar chritéir oibiachtúla thrédhearcacha agus go gcomhlíonann sé a phríomhchuspóirí maidir leis an gcomhshaol agus an tsláinte a chosaint; á iarraidh ar an gCoimisiún dul i mbun pléití déthaobhacha agus iltaobhacha le comhpháirtithe trádála chun cur chun feidhme CBAM a éascú agus frithbheartaíocht a sheachaint; á áitiú go ndéanfar obair an Choimisiúin maidir le inbhuanaitheacht comhshaoil a chur chun cinn in ETD chun an dlí trádála a thabhairt i gcomhréir le cuspóirí Chomhaontú Pháras maidir leis an aeráid; á iarraidh ar an gCoimisiún ról a thabhairt don Pharlaimint ag gach céim de phróiseas forbartha CBAM; á iarraidh go mbunófar sásra faireacháin agus próiseas athbhreithnithe a mbeidh an ról is mó is féidir ag an bParlaimint ann.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 10.12.2020 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 39<br>–: 7<br>0: 8 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Gunnar Beck, Marek Belka, Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Gilles Boyer, Francesca Donato, Derk Jan Eppink, Engin Eroglu, Jonás Fernández, Raffaele Fitto, Frances Fitzgerald, José Manuel García-Margallo y Marfil, Sven Giegold, Valentino Grant, Claude Gruffat, José Gusmão, Enikő Győri, Danuta Maria Hübner, Othmar Karas, Billy Kelleher, Aurore Lalucq, Philippe Lamberts, Aušra Maldeikienė, Pedro Marques, Jörg Meuthen, Csaba Molnár, Siegfried Mureşan, Caroline Nagtegaal, Luděk Niedermayer, Lefteris Nikolaou-Alavanos, Lídia Pereira, Kira Marie Peter-Hansen, Sirpa Pietikäinen, Dragoş Pîslaru, Antonio Maria Rinaldi, Joachim Schuster, Ralf Seekatz, Pedro Silva Pereira, Paul Tang, Irene Tinagli, Ernest Urtasun, Inese Vaidere, Johan Van Overtveldt, Stéphanie Yon-Courtin, Marco Zanni, Roberts Zīle |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marc Angel, Manon Aubry, Gabriele Bischoff, Damien Carême, Eugen Jurzyca, Chris MacManus, Margarida Marques, Andreas Schwab |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 39 | + |
|---|---|
| GUE/NGL | Manon Aubry, José Gusmão |
| PPE | Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Frances Fitzgerald, José Manuel García Margallo y Marfil, Danuta Maria Hübner, Othmar Karas, Aušra Maldeikienė, Siegfried Mureşan, Luděk Niedermayer, Lídia Pereira, Sirpa Pietikäinen, Andreas Schwab, Ralf Seekatz, Inese Vaidere |
| Renew | Gilles Boyer, Engin Eroglu, Billy Kelleher, Dragoş Pîslaru, Stéphanie Yon Courtin |
| S&D | Marc Angel, Marek Belka, Gabriele Bischoff, Jonás Fernández, Aurore Lalucq, Margarida Marques, Pedro Marques, Csaba Molnár, Joachim Schuster, Pedro Silva Pereira, Paul Tang, Irene Tinagli |
| Verts/ALE | Damien Carême, Sven Giegold, Claude Gruffat, Philippe Lamberts, Kira Marie Peter Hansen, Ernest Urtasun |

| 7 | - |
|---|---|
| ECR | Derk Jan Eppink, Eugen Jurzyca, Roberts Zīle |
| ID | Gunnar Beck, Jörg Meuthen |
| NI | Lefteris Nikolaou Alavanos |
| PPE | Enikő Győri |

| 8 | 0 |
|---|---|
| ECR | Raffaele Fitto, Johan Van Overtveldt |
| GUE/NGL | Chris MacManus |
| ID | Francesca Donato, Valentino Grant, Antonio Maria Rinaldi, Marco Zanni |
| Renew | Caroline Nagtegaal |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh